

# Clár Athraithe

2007-2010

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
Health Service Executive





# Rochtain Éasca - Muinín – Bród Foirne

## Clár

01 Fáilte .... 3

02 An Dúshlán a thagann le hAthrú .... 5

03 Ár mBunchuspóir = Ár Misean .... 7

04 Ár nUaillmhian = Ár bhFís .... 9

05 Tosaíochtaí Athraithe .... 11

06 Cláir Athraithe .... 13

07 Treorú agus Teagmháil leis an bhFoireann .... 17

08 An Bealach ina nOibrímid .... 19

ISBN 0948562684 ©2006 HSE

# 01 Fáilte

Baineann an cháipéis seo leis an bhfoireann iomlán atá ag obair le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) agus leis na gníomhaireachtaí atá bainteach léi. Tá cur síos gairid ann ar Chlár Athraithe an FSS 2007-2010.

Treoir atá ann dúinn agus muid ag cur leis an ngluaiseacht chun athruithe atá ar siúl laistigh den FSS le dhá bhliain anuas; athrú a thabharfaidh leis cúram agus seirbhís níos fearr d'othair, do chliaint agus do chúramóirí i ndeireadh na dála.

Ullmhaíodh an treoir seo tar éis dul i gcomhairle leis an bhfoireann i gcaitheamh 2006 agus léiríonn sé na tuairimí a nochtadh le linn sraith imeachtaí a reáchtáladh ar fud na heagraíochta.

Mar chuid den chomhairliúchán seo tionóladh cruinnithe i ngach ceann de na ceithre limistéar riaracháin ag an FSS agus fuarthas aiseolas ó chruinnithe laistigh d'ospidéil agus Oifigí Sláinte Áitiúla ar fud na tíre, rud a chuir san áireamh na tuairimí ag cliniceoirí (dochtúirí, altraí, teiripeoirí, srl). Cuireann sé san áireamh freisin na tuairimí a sheol an fhoireann isteach ar ríomhphost.

Chomh maith leis sin, léirítear ann na tuairimí a fuarthas ó Bhord an FSS.

## Gach Duine

Is clár dírithe é ár gClár Athraithe. Is fúinn uile atá sé a bheith ullamh agus toilteanach athruithe a dhéanamh chun go mbeidh rath ar an gclár, agus ní fúthu siúd amháin é atá páirteach go díreach nó go hindíreach.

Cén fáth? Mar go bhfuil gá, má táimid lenár seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta a athrú, ní hamháin an méid atá á dhéanamh againn a athrú, ach an chaoi a ndéanaimid é, an chaoi n-oibrímid i gcomhar lena chéile agus na gealltanais a thugaimid dá chéile a athrú freisin.

Agus an Clár Athraithe seo á chur i bhfeidhm againn is féidir linn athrú a dhéanamh i dteannta a chéile chun na cuspóirí agus na huaillmhianta atá againn do chúrsaí cúraim shláinte agus cúraim shóisialta in Éirinn a chomhlíonadh. Má chuirimid leis an ngealltanas seo agus leis an méid suntasach atá déanta cheana féin ar fud na tíre, beidh ar ár gcumas a bheith bródúil as an méid iomlán atá bainte amach againn.

## Tuairimí

Cuirimid fáilte roimh bhur dtuairimí ar ríomhphost ag: ourvision@hse.ie.





SA TIMPEALLACHT ATHRAITHEACH
SEO, NÍ ROGHA É AN
tATHRÚ – RIACHTANAS ATÁ ANN

# 02 An Dúshlán a thagann le hAthrú




## Ar fud na cruinne, is léir anois níos mó ná riamh nach féidir an cur chuige traidisiúnta maidir le seachadadh cúraim shláinte agus cúraim shóisialta a choinneáil.

Tá saol níos faide ag daoine ná mar a bhíodh, tá an daonra ag méadú agus ag éirí níos aosta, tá an t-éileamh ar sheirbhísí ag méadú agus coinne ag daoine le níos mó astu agus tá costais ag dul i méid ag ráta uafásach ard.

Sa timpeallacht athraitheach seo, ní rogha é an tAthrú – riachtanas atá ann.

Glactar leis go forleathan go dteipfidh ar chórais chúraim shláinte agus chúraim shóisialta má leantar ar aghaidh leis na bealaí oibre a úsáidtí san am atá thart. Ní bheidh siad ábalta déileáil leis an éileamh a bheidh orthu, beidh cúrsaí airgeadais go holc agus ní bheidh ar a gcumas cúram ar chaighdeán ard a sholáthar.

Is ionann na dúshláin atá roimh chóras na hÉireann agus na dúshláin atá ag cuid de na tíortha is forbartha ar domhan.

Le ceithre bliana anuas tá méadú de níos mó na 8%* tagtha ar an daonra agus tá sé níos ilghnéithí ná riamh. Tá 4.2 milliún duine ag maireachtáil in Éirinn, an méid is airde ó 1861. De réir meastacháin áirithe deirtear go méadóidh sé seo os cionn 5 mhilliún i gceann 10 mbliana.

I gcomparáid lenár gcomharsana san Eoraip tá daonra réasúnta óg againn.; tá 11% os cionn 65* (sa Bhreatain, tá 18% os cionn 65). Faoi 2030 beidh duine amháin as ceathrar in Éirinn os cionn 65.

Is athruithe suntasacha iad seo mar go méadaíonn costais sláinte go mór de réir mar a théann daoine in aois. Taispeánann staidéar a rinne an NHS in Albain le déanaí go méadaíonn costais sláinte 100% do dhaoine idir 50-54 bliana d'aois, 213% do dhaoine idir 65-69 agus 400% do dhaoine idir 75-79 bliana.

De réir mar a éiríonn an daonra níos aosta beidh níos mó daoine ann le breoiteachtaí ainsealacha agus galair amhail diaibéiteas, cliseadh croí, cineálacha éagsúla ailse, galar ainsealach bacúil scamhógach, néaltrú seanaoise agus airtríteas. Faoi láthair, in ainneoin na próifíle aoise atá measartha fabhrach, glactar mar éigeandáil leighis le beirt as gach triúr othar agus iad ag fulaingt de bharr faidhbe a bhaineann lena mbreoiteacht ainsealach agus úsáideann 5% de na hothair inmheánacha le breoiteachtaí ainsealacha 40% de na laethanta leapa ospidéil iomlána.

Tugann na pátrúin atá ag teacht chun solais sna Stáit Aontaithe agus sa Bhreatain leid éigin dúinn maidir leis an méid atá i ndán anseo. Sna Stáit Aontaithe, úsáidtear 78% de na costais sláinte chun cúram a dhéanamh de dhaoine le breoiteachtaí ainsealacha agus sa Bhreatain, tá breoiteacht ainsealach ar 80% de na daoine a thugann cuairt ar Dhochtúir Teaghlaigh. Sa Bhreatain, freisin, úsáideann othair le breoiteachtaí ainsealacha, nó le fadhbanna breise, breis is 60% de na laethanta leapa ospidéil.

* An Phríomh-Oifig Staidrimh, 2004. Population and labour force Projections, 2006-2036 agus an Phríomh-Oifig Staidrimh, 2006: Réamhthuairisc Dhaonáirimh 2006.

### Roghanna

Tá rogha an-soiléir againn: an gcuirimid iad seo agus treochtaí eile san áireamh agus ansin oibriú i gcomhar lena chéile chun córas cúraim shláinte a thógáil atá inbhuanaithe nó an seachnaímid na cinntí déine deacra agus an mbeimid sásta córas atá mífheidhmiúil agus costasach a fhágáil le huacht ag an chéad ghlúin eile?

Measaim go dteastaíonn ó gach duine córas cúraim shláinte a thógáil atá inbhuanaithe agus a bheidh ábalta seirbhísí comhsheasmhacha náisiúnta atá ar ardchaighdeán a sholáthar, leis na hacmhainní teoranta ata ar fáil.

Chun an méid seo a bhaint amach ní mór dúinn, le díograis agus dianseasmhacht, athrú ó bhonn a dhéanamh ar an gcaoi a gcuirimid eagar ar ár seirbhísí agus ar an mbealach ina soláthraímid na seirbhísí seo. Sin atá i gceist leis an gClár Athraithe sláinte.

Bainim úsáid d'aon ghnó as an téarma athrú seachas athchóiriú sa chiall is gur claochlú atá le déanamh. Deir a lán daoine liom go bhfuil gaol róláidir, laistigh den FSS, ag an bhfocal 'athchóiriú' le hathruithe eagraíochtúla agus riaracháin.

Caithfidh ár gclár athraithe a bheith i bhfad níos fairsinge ná sin agus dul i bhfeidhm ar gach gné dár gcuid oibre; an chaoi a n-oibrímid, an chaoi a gcaithimid lena chéile, ár gcultúr agus ár mianta.

Braitheann an rath a bheidh air ar gach uile dhuine againn. Níl aon amhras ná gur freagracht ollmhór é seo orainn go léir. Is pribhléid an-mhór é chomh maith.

Caithimid a bheith dílis don fhreagracht seo agus cúram ar ardchaighdeán a sholáthar a athróidh an saol ag daoine agus a shábhálfaidh an beatha ag daoine agus gan an deis seo a ligean le sruth.

Tuigim go bhfuil a lán díbh ar bís aghaidh a thabhairt ar an todhchaí agus go bhfuil gealltanas tugtha agaibh tabhairt faoin athrú agus faoin bhfeabhsú seo go díograiseach.

Ní mór dúinn oibriú i gcomhar lena chéile agus tacú lena chéile gach uile lá chun difríocht shuntasach a dhéanamh sa treo ina stiúrfaimid ár seirbhísí cúraim shláinte agus cúraim shóisialta amach anseo.

Chun treoir a thabhairt dúinn ar an aistear, leagann an cháipéis seo amach an méid atá le déanamh againn, an méid a theastaíonn uainn a bhaint amach agus an bealach le ceann scríbe a shroicheadh.

Brendan Drumm

**An tOllamh Brendan Drumm**
Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS)
Nollaig 2006



6

**ÁR nAIDHM:**

CUIDIÚ LE DAOINE SAOL
NÍOS FOLLÁINE AGUS
NÍOS IOMLÁINE A CHAITHEAMH

# 03 Ár mBunchuspóir = Ár Misean

Sula ndéanaimid iniúchadh níos doimhne ar ár gClár Athraithe ba chóir dúinn a chur i gcuimhne dúinn féin cén fáth a dtagaimid ag obair gach lá.

Cén cuspóir bunúsach atá againn, nó mar a deirtear uaireanta – cad é ár misean?

Ar ndóigh, déanaimid go léir ár ndícheall raon iomlán seirbhísí cúraim shláinte agus cúraim shóisialta ar ardchaighdeán a chur ar fáil. Déanaimid é seo chomh maith agus is féidir leis an airgead a chuireann an Rialtas ar fáil dúinn. Ag an am céanna ní mór dúinn cuimhneamh go mbeidh pé éileamh atá ar ár seirbhísí níos mó beagnach i gcónaí ná an cumas seachadta atá againn agus dá bhrí sin caithimid ár ndícheall a dhéanamh an éifeacht is mó a bheith againn leis na hacmhainní atá ar fáil dúinn.

Is léir go gcuirimid i bhfad níos mó ná seirbhísí ar ardchaighdeán ar fáil. Cuirimid cúram, compord, tacaíocht, saineolas, cabhair, dóchas, spreagadh agus a lán eile ar fáil. Níl i seachadadh na seirbhísí ardchaighdeáin seo ach an chaoi a mbainimid ár gcuspóir bunaidh amach – ***Cuidiú le daoine saol níos folláine agus níos iomláine a chaitheamh***.

Nuair a chuirimid ár n-aidhm nó ár misean in iúl ar an gcaoi seo, is furasta a fheiceáil gurb é an rud is tábhachtaí ná an éifeacht dhearfach a bhíonn againn ar shaol daoine eile. Áiríonn sé freisin an ról atá ag daoine iad féin a choinneáil folláin agus sláintiúil.

**Ról Ar Leith**

Is cuma cibé foireann tosaigh muid ag cur cúraim ar fáil chun beatha daoine a shábháil nó foireann tacaíochta muid ag obair sa chúlra, is féidir linn go léir tionchar dearfach a bheith againn ar bheatha na ndaoine a bhaineann úsáid as ár seirbhísí. Tá ról ar leith ag gach duine againn anseo.


Is trí chur go dearfach le saol daoine eile a fhreastalaímid ar an bpobal agus sin an fáth a bhfuil tábhacht leis an obair a dhéanann gach uile bhall foirne. Tá sé ar cheann de na bunchúiseanna a roghnaíonn an oiread sin daoine dul ag obair le cúram sláinte.

De réir mar a théann an Clár Athraithe i dtreise, ba chóir gur bhunchloch mhaith a bheidh sa ráiteas seo dúinn dár gcuspóir bunúsach.

Ba chóir go gcuideodh sé linn ár n-obair a phleanáil, cuspóirí agus aidhmeanna a chur romhainn agus measúnú a dhéanamh ar an gcaoi a bhfuil ag éirí leo.

Ba chóir go gcuideodh sé linn a dhéanamh amach an bhfuil na rudaí cearta á ndéanamh againn agus dul chun cinn á dhéanamh againn sa treo ceart.

Ba chóir go gcuirfeadh sé ar ár gcumas a bheith níos freagraí dár bhfostóir, dá chéile agus don phobal ar a bhfuilimid ag freastal.





## ÁR nUAILLMHIAN:
ROCHTAIN ÉASCA - MUINÍN – BRÓD FOIRNE

# 04 Ár nUaillmhian = Ár bhFís

## Rochtain Éasca - Muinín – Bród Foirne.

Bíodh is gur tacú le daoine saol níos folláine agus níos iomláine a chaitheamh atá mar chuspóir bunaidh againn, cad atá mar uaillmhian againn do na blianta atá amach romhainn? Cad a shamhlaímid leis an bhfís atá againn don todhchaí?

I rith 2006 chuireamar an cheist seo ar an bhfoireann ar fud na tíre. Bhí a lán moltaí acu. Mhol daoine áirithe gur chóir dúinn iarracht a dhéanamh seirbhís den scoth a chur ar fáil, atá cothromasach agus dírithe ar an othar. Mhol daoine eile gur chóir dúinn iarracht a dhéanamh a bheith inár n-úsáideoirí éifeachtacha acmhainní - i measc na n-úsáideoirí is éifeachtaí san Eoraip. Bhí moltaí dearfacha eile ann chomh maith.

Mar sin féin, tháinig ceithre théama chun solais arís is arís eile:

- Is gá go mbeadh rochtain éasca ag chuile dhuine ar chúram agus seirbhísí ar ardchaighdeán
- Is gá go mbeadh muinín ag daoine as ár seirbhís chúraim shláinte agus shóisialta
- Is gá an ról lárnach ag an bhfoireann a aithint; agus
- Is gá go mbeadh an fhoireann bródúil as an gcúram a sholáthraíonn siad.

Tá na céadta seirbhísí den scoth á gcur ar fáil againn do na mílte daoine gach lá, bíonn muinín ag an bpobal astu agus cothaítear bród i measc na foirne. Ach tá deiseanna nach beag ann le feabhas suntasach a chur ar an scéal.

An dúshlán atá romhainn ná an éifeacht is mó a bheith againn leis na hacmhainní teoranta atá againn (daoine, bonneagar agus airgead) chun seirbhísí ar chaighdeán níos airde agus níos fairsinge a chur ar fáil. Má dhéanaimid é seo beidh fáil níos fearr ar sheirbhísí agus cothófar muinín i ndaoine go mbeidh an cúram ceart ar fáil nuair atá gá leis. Is féidir linn cuidiú le níos mó den fhoireann a bheith bródúil as an tionchar dearfach atá ag a ndíograis agus a gcuid saothair.

Ag dul de réir an tréan-aiseolais a fuaireamar maidir leis an tábhacht atá le céimeanna mar rochtain éasca, muinín agus bród foirne má tá rath le bheith ar an gclár, táimid chun iad seo a chur ag croílár na físe atá luaite againn don tréimhse ceithre bliana atá romhainn.

### An fhís atá againn do 2010 ná:

***Beidh fáil go héasca ag gach aon duine ar chúram agus ar sheirbhísí den scoth a mbeidh muinín acu astu agus beidh an fhoireann bródúil as iad a sholáthar.***

Go hachomair, an fhís atá againn do 2010 ná:
*Rochtain Éasca - Muinín – Bród Foirne.*


Is fógairt an-phoiblí é seo ar an uaillmhian atá againn don tréimhse ceithre bliana atá romhainn.


**Treo**
Treoraíonn sé sinn ar an mbealach ceart. Cabhraíonn sé linn díriú ar na tionscadail agus na cleachtais a thugann níos cóngaraí dár gceann scríbe sinn agus stiúrann sé ár n-acmhainní sa treo sin freisin seachas i mbealaí nach gcabhraíonn.

**Cumarsáid**
Cinntíonn sé go mbíonn an chumarsáid againn seasmhach agus soiléir; is cuma an bhfuilimid ag caint i seisiúin de ghrúpaí foirne beaga, i dteagmháil le ceannairí polaitiúla áitiúla nó le grúpaí ionadaíochta custaiméirí.

**Tomhas**
Is slat tomhais é lenar féidir linn oiriúnacht ár gcuid oibre a mheas agus lenar féidir linn tacú lenár mian mhór.

Dúshlán atá ann dúinn na hathruithe atá riachtanach sa chaoi ina n-oibrímid a aithint, má táimid leis an uaillmhian seo a bhaint amach.




TOSAÍOCHTAÍ ATHRAITHE
CLÁIR ATHRAITHE SEIRBHÍSE
CLÁIR ATHRAITHE BONNEAGAIR
TIONSCADAIL
TIONSCADAIL
FOTHIONSCADAIL
FOTHIONSCADAIL

# 05 Ár Sé Thosaíocht Athraithe

Chun ár n-aidhm a bhaint amach sna trí bliana atá romhainn, díreoimid ar Sé Thosaíocht Athraithe *. Déanfar déileáil leo seo le sraith clár agus dá réir sin comhlíonfar iad le sraith tionscadal.

| Cá bhfuilimid inniu? | Ár Sé Thosaíocht Athraithe | Cá mbeimid faoi 2010? |
|---|---|---|
| Tá a lán seirbhísí scoilte, as alt agus deacair a úsáid. | **Seirbhísí comhtháite a fhorbairt ag gach céim den tréimhse cúraim.** | Beidh mo bhealach isteach, tríd agus amach as an gcóras cúraim shláinte agus cúraim shóisialta éasca le taisteal. |
| Tá úsáid mí-oiriúnach á bhaint as agus táthar ag brath rómhór ar sheirbhísí ospidéil géarmhíochaine, rud a chruthaíonn míchaoithiúlacht d'othair agus do chliaint agus brú oibre nach bhfuil gá leis ar ár n-ospidéil. | **Cúram Príomhúil, Pobail agus Leanúnach a mhúnlú ar bhealach a chuirfidh na torthaí is fearr agus is costéifeachtaí ar fáil.** | Beidh fáil go héasca agam ar raon leathan seirbhísí cúraim trí mo fhoireann cúraim phríomhúil áitiúil, i.e. áisiúil agus gar do bhaile. |
| Is féidir leis a bheith deacair teacht ar chúram ospidéil géarmhíochaine ar ardchaighdeán. | **Seirbhísí ospidéil a mhúnlú a sholáthróidh na torthaí is fearr agus is costéifeachtaí.** | Beidh fáil go héasca agus go gasta agam ar ghéarchúram den scoth trí ionaid ainmnithe barr feabhais. |
| Toisc seirbhísí le haghaidh breoiteachtaí ainsealacha a bheith uireasach agus scoilte tá daoine nach gá a chur in ospidéal á dtabhairt isteach, rud atá míchaoithiúil do chliaint. | **Modh a chur i bhfeidhm chun breoiteacht ainsealach a chosc agus a bhainistiú.** | Is féidir liom a bheith ag súil le cúram agus le torthaí den scoth ó chláir chúraim chuimsitheacha agus chomhtháite a mbeidh baint ag mo phobal féin agus ionaid chúraim ainmnithe leo. |
| Níl ach úsáid theoranta á bhaint as measúnú feidhmíochta mar bhunús le bainistiú agus feabhas a chur ar sholáthar cúraim. | **Caighdeáin a chur i bhfeidhm bunaithe ar mheasúnú agus ar bhainistiú feidhmíochta ar fud an FSS.** | Beidh mé muiníneach as an gcaighdeán cúraim ard a gheobhaidh mé agus é measta in aghaidh caighdeáin thrédhearcacha. |
| Bíonn srianta córais agus próisis mar chonstaic i mbealach obair na foirne. | **A chinntiú go dtugann an fhoireann ar fad faoi chúram sláinte agus sóisialta in Éirinn a athrú.** | Beidh tionchar díreach ag mo chuid oibre ar sheachadadh cúraim den chéad scoth agus cuirfidh sé le claochlú iomlán na seirbhísí sláinte agus sóisialta. |

* Leagann ár bPlean Corparáideach 2006-2008 amach ár dtreo straitéiseach don todhchaí, agus tá ár sé Thosaíocht Athraithe ullmhaithe chun an treo sin a léiriú. Cuirfidh ár bPlean Seirbhíse 2007 tionscadail ó na Tosaíochtaí Athraithe san áireamh.





AGUS NA TIONSCADAIL GO LÉIR SAN ÁIREAMH, BA CHÓIR GO MBEADH BAINT AG BEAGNACH GACH UILE DHUINE AGAINN ATÁ FOSTAITHE LEIS AN FSS AGUS NA GNÍOMHAIREACHTAÍ MAOINITHE AG AN FSS LEO

# 06 Cláir Athraithe

## Chun na sé Thosaíocht Athraithe a chur i gcrích sna ceithre bliana atá romhainn, beimid ag díriú ar 13 Clár Athraithe éagsúla.

Tá dhá ghrúpa éagsúla i gceist leis na cláir seo;

A. Iad sin a mbeidh tionchar díreach acu ar an tseirbhís a fhaigheann othair, cliaint agus cúramóirí; agus

B. Iad sin a chuirfidh feabhas ar ár mbonneagar agus ar ár gcumas na seirbhísí seo a chur ar fáil agus tacú leo.

**Laistigh de na cláir seo beidh sraith tionscadal aonair agus fothionscadail a mbeidh aidhmeanna, bearta, clocha míle agus freagrachtaí ar leith acu.**

Tá cuid de na tionscadail seo ar bun cheana féin agus beidh eolas ag a lán agaibh orthu. Teastóidh comhoibriú iomlán ó chodanna éagsúla den eagraíocht agus rannpháirtíocht fhorleathan foirne chun a lán díobh a chur i gcrích.

Léiríonn siad go follasach agus tacaíonn siad leis an misean agus leis an bhfís atá fógartha againn.

Anseo taispeánaimid sampla de thionscadail shuntasacha. Beidh an liosta iomlán de thionscadail agus d'fhothionscadail ar fáil sa chéad ráithe de 2007.

Mar léargas gearr ar na tionscadail sin, tá teidil na dtionscadal curtha i láthair go hachomair agus dá bhrí sin tá seans nach mbeadh an éifeacht fhadtéarmach a bheidh acu soiléir ag an bpointe seo.

Beidh éifeacht shuntasach ag an gcuid is mó díobh ar fud na heagraíochta. Athróidh siad an chaoi a gcuirimid eagar orainn féin agus an bealach ina n-oibrímid. Agus na tionscadail go léir san áireamh, ba chóir go mbeadh baint ag beagnach gach uile dhuine againn atá fostaithe leis an FSS, agus leis na gníomhaireachtaí a fhaigheann maoiniú ón FSS, leo.

Mar shampla laistigh de **Chlár 3:** **Seirbhísí Ospidéil a mhúnlú chun na torthaí is fearr agus is costéifeachtaí a bhaint amach** (lch14), is éard a bheidh i gceist leis an tionscadal dar teideal cur i bhfeidhm cumraíochta Seirbhísí – Plean Athraithe an Iarthuaiscirt - ná athchumrú agus cur leis na seirbhísí ospidéil agus pobail i gContae Lú, i gContae an Chabháin, i gContae Mhuineacháin agus i gContae na Mí. Beidh beagnach gach ball foirne sa réigiún páirteach agus an chéad chéim a bheidh ann i dtionscnamh níos fairsinge a fheicfidh athchumrú á dhéanamh ar a lán seirbhísí ospidéil ar fud na tíre.

Cé nach bhfeiceann tú láithreach, b'fhéidir, tagairt anseo don réimse oibre agat féin, éireoidh do ról sa Chlár Athraithe, agus an éifeacht a bheidh aige ar do chuid oibre, níos soiléire de réir mar a chuirtear sonraí sainiúla an Chláir ar fáil. Beidh an fhreagracht ar do Bhainisteoir Líne na sonraí seo a phlé leat sna míonna atá ag teacht chomh maith leis an ról a bheidh agat sa Chlár Athraithe.

## A. Cláir Athraithe Seirbhíse

**Clár 1:**

**Seirbhísí comhtháite a fhorbairt ag gach céim den tréimhse chúraim**

Beidh othair agus cliaint ábalta gluaiseacht go héasca tríd an gcóras cúraim iomlán mar go mbeidh seirbhísí againn atá eagraithe go maith agus nasctha go dlúth ar fud na heagraíochta.

Beidh cúram comhtháite ag croílár an bhealaigh ina n-oibrímid.

**Samplaí de thionscadail shuntasacha**

1 Forbairt ar phróisis simplithe don aistear ag othair agus cliaint

2 Múnla náisiúnta a chur i bhfeidhm do sheachadadh cúraim chomhtháite

3 An úsáid is fearr a bhaint as intleacht sláinte

4 Cúram comhroinnte a fhorbairt, idir chúram príomhúil agus sheirbhísí ospidéil

5 Creat oibre a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun úsáideoirí seirbhíse agus pobail a thabhairt isteach san fhorbairt seirbhíse

6. Clár Rialúcháin Ailse (0CCP) a fhorbairt agus a bhunú

7. Innéacs Cliant Náisiúnta a chur i bhfeidhm.

**Clár 2:**

**Seirbhísí Cúraim Phríomhúil, Phobail agus Leanúnach a chumrú chun na torthaí is fearr agus is costéifeachtaí a bhaint amach.**

Chuige seo caithfear athchumrú a dhéanamh ar ár n-acmhainní chun raon suntasach seirbhísí cliant a chur ar fáil laistigh de phobail áitiúla.

Cuirfear iad seo ar fáil chomh cóngarach do thithe cónaithe na ndaoine agus is féidir, ach ag coinneáil na gcaighdeán seirbhíse agus sábháilteachta is airde i gcónaí.

Leagfar an bhéim ar sheachadadh áitiúil a chomhlíonfaidh foirne idirdhisciplíneacha áitiúla agus seirbhísí diagnóiseacha áitiúla.

**Samplaí de thionscadail shuntasacha**

1 Forbairt agus cur i bhfeidhm creat oibre cumraíochta le haghaidh Cúraim Phríomhúil, Phobail agus Leanúnach (PCCC)

2 Athchumrú ar na seirbhísí atá ann faoi láthair a thacaíonn le Foirne Cúraim Phríomhúil

3 Foirne Cúraim Phríomhúil a bhunú

4 Forbairt ar Ghréasáin Cúraim Phríomhúil agus Shóisialta

5 Leathnú agus méadú ar sheirbhísí i measc an phobail

6 Cur i bhfeidhm athraithe seirbhíse sainearnála do ghrúpaí cúraim, ag teacht le creat oibre cumraíochta an PCCC (i.e. meabhairshláinte, míchumas, cúram leanaí, daoine aosta , cuimsiú sóisialta, cúram éigeandála srl)

7. Cur i bhfeidhm ar thionscadal nuachóirithe scéime pobail.

**Clár 3:**

**Cumrú ar sheirbhísí ospidéil chun na torthaí is fearr agus is costéifeachtaí a bhaint amach.**

Beidh athchumrú agus forbairt shubstaintiúil déanta ag Oifig Náisiúnta na nOspidéal (NHO) ar a cuid acmhainní agus seirbhísí chun raon iomlán seirbhísí géarmhíochaine tánaisteacha, treasacha agus ceathartha a sholáthar a oireann i gceart isteach sa mhúnla cúraim chomhtháite agus iad bunaithe ar fhianaise, faoi riar éifeachtachta agus ar chaighdeán dearbhaithe.

Feicfear an t-athchumrú seo i gcomhstruchtúr rialaithe/bainistithe ospidéal athfhorbartha agus i dtionscadail athraithe seirbhíse áirithe sna réimsí seo a leanas: Péidiatraic, Máithreachas agus Timpistí & Éigeandáil.

Spreagfaidh agus tacóidh an clár le gluaiseacht i dtreo seachadadh Ard-Chúraim Phríomhúil agus cosc agus cúram do bhreoiteacht ainsealach.

Tacóidh úsáid seirbhísí comhroinnte (agus próisis chomónta), leabú TFC, forbairt ar chláir phleanála agus rialaithe leathana agus dul chun cinn substaintiúil i mbainistiú eastáit le feabhas a chur ar éifeachtacht agus caighdeán na seirbhíse.

**Samplaí de thionscadail shuntasacha**

1 Forbairt ar chreat oibre cumraíochta seirbhísí ospidéil

2 Cur i bhfeidhm cumraíochta seirbhísí – Plean Athraithe an Iarthuaiscirt

3 Athchumrú náisiúnta ar rialachas/bainistiú ospidéil

4 Claochlú ar sheirbhísí A&E

5 Claochlú ar sheirbhísí náisiúnta péidiatraice

6 Claochlú ar sheirbhísí náisiúnta máithreachais.

**Clár 4:**

**Cur i bhfeidhm múnla chun breoiteacht ainsealach a chosc agus a bhainistiú.**

Beidh cláir coisc agus oidis againn bunaithe ar fhianaise do dhaoine le breoiteachtaí ainsealacha amhail diaibéiteas, galar ainsealach bacúil scamhógach agus fadhbanna cardashoithíocha.

Déanfar measúnú ar ár gcumas maolú a dhéanamh ar na guaiseacha i mbreoiteacht ainsealach agus feabhas a chur ar shástacht na n-othar.

Tabharfaidh siad seo torthaí níos fearr leo agus rátaí marthanais do dhaoine le breoiteachtaí ainsealacha.

**Samplaí de thionscadail shuntasacha**

1 Forbairt ar chreat oibre chun cosc agus bainistiú a dhéanamh ar bhreoiteacht ainsealach

2 Cur i bhfeidhm straitéisí coisc agus bainistithe breoiteachta ainsealaí

3 Forbairt agus soláthar sainoiliúna i gcosc agus bainistiú breoiteachta ainsealaí

4 Forbairt ar chaighdeáin cháilíochta, sábháilteachta agus riosca do bhreoiteacht ainsealach

5 Forbairt agus cur i bhfeidhm measúnú feidhmíochta agus caighdeáin rialaithe

6 Forbairt ar chreat oibre chun tionchar sláinte a mheas.

**Clár 5:**

**Tomhas agus bainistíocht feidhmíochta a chur i bhfeidhm bunaithe ar chaighdeáin ar fud an FSS ar fad.**

Tabharfar tomhas suntasach feidhmíochta isteach ag gach leibhéal agus úsáidfear é chun ár bhforbairtí seirbhíse a threorú. Ina measc seo tá torthaí cliniciúla, spriocanna airgeadais, úsáid acmhainní, próisis, sástacht chliaint agus sláinte eagraíochtúil.

**Samplaí de thionscadail shuntasacha**

1 Forbairt ar shainmheon feabhais leanúnach ar fud na heagraíochta tacaithe ag bainistiú feidhmíochta láidir

2 Forbairt agus cur i bhfeidhm córais bhainistithe feidhmíochta

3 Forbairt ar chumas anailíseach agus intleachta comhtháite, inmheánach agus seachtrach don FSS Corparáideach

4 Bonnlínte feidhmíochta a bhunú le haghaidh tréimhse an Chláir Athraithe

5 Cur i bhfeidhm cláir don mhaoiniú feidhmíocht-bhunaithe.

**Clár 6:**

**A chinntiú go dtugann an fhoireann ar fad faoi chúram sláinte agus sóisialta in Éirinn a athrú.**
Oibreoimid i gcomhar leis an bhfoireann chun timpeallacht oibre a chruthú a thacaíonn leis an gClár Athraithe.

Cothóimid nuálaíocht agus athrú, gheofar luach maith ar shaothair a thacaíonn leis an athrú, cloífimid leis na luachanna atá againn agus meallfaimid an obair is fearr as an bhfoireann ar fad.

Aithneoidh an fhoireann an timpeallacht dhearfach seo agus cuirfear oiliúint orthu chun tacú lena rannpháirtíocht agus chun forbairt phearsanta a spreagadh.

Beidh ceannasaíocht chliniciúil agus seachadadh seirbhísí bunaithe ar an bhfoireann curtha go smior san eagraíocht.

**Samplaí de thionscadail shuntasacha**

1 Straitéis páirtíochta fostaithe a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm a bhaineann an méid is fearr as a gcuid saothair chun seirbhís den scoth a sheachadadh
2 Cur chuige maidir le forbairt ceannasaíochta agus bainistíochta a chruthú agus a chur i bhfeidhm a spreagfaidh nuálaíocht agus freagracht i measc na foirne
3 Idirghabháil ar fud an chórais a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun an trasdul ón sean go dtí an nua a chinntiú
4 Múnla láidir páirtíochta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm leis na ceardchumainn agus obair chomhpháirtíochta
5 Forbairt ar chórais agus ar mhodhanna oibre chun fóir a bhaint as ceannasaíocht chliniciúil
6 Forbairt bhreise agus cur i bhfeidhm a dhéanamh ar oibriú agus éifeachtacht foirne idirdhisciplíneach comhtháite.

## B. Cláir Athraithe bonneagair agus cumais

**Clár 7:**

**Airgeadas: Múnla leithdháilte buiséid agus córais airgeadais.**
I measc na dtionscadal a dtabharfar fúthu sa chlár seo tá: forbairt ar bhealach nua le seirbhísí a mhaoiniú bunaithe ar aschur, torthaí agus riachtanais daonra, próiseas náisiúnta chun athbhreithniú córasach a dhéanamh ar chláir Luach ár gcuid Airgid agus forbairt ar chóras amháin airgeadais comhtháite.

**Samplaí de thionscadail shuntasacha**

1 Múnla leithdháilte acmhainní don FSS a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm
2 Múnla le haghaidh bainistíocht éifeachtach ar bhuiséad na seirbhíse sláinte ar bhonn cineachaidh a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm
3 Clár cuimsitheach Luach ár gcuid Airgid a chur i bhfeidhm
4 Córais airgeadais chomhtháite don FSS a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm le méadrachtaí airgeadais ar leith don eagraíocht
5 Rialacháin Airgeadais Náisiúnta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm
6 Straitéis imirce do phróisis idirbhearta airgeadais isteach i seirbhísí comhroinnte náisiúnta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.

**Clár 8:**

**Straitéis na Seirbhísí Comhroinnte agus cur i bhfeidhm.**
Mar chuid den chlár seo leanfar leis an bhforbairt atá á dhéanamh ar chlár Seirbhísí Comhroinnte Náisiúnta an FSS a chuirfidh seirbhísí tacaíochta thar a bheith éifeachtach ar fáil sna réimsí seo a leanas: Airgeadas, AD, Soláthar, TFC, Seirbhísí Aisíocaíochta Dlíthiúla agus Cúraim Phríomhúil (PCRS). Cuirfidh sé leis an gcur chuige aonadach ag an FSS agus beidh sábháil airgid agus éifeachtacht mar thoradh air.

**Samplaí de thionscadail shuntasacha**

1 Seirbhísí comhroinnte airgeadais a phleanáil, a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.
2 Seirbhísí comhroinnte AD a phleanáil, a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.
3 Seirbhísí comhroinnte soláthair a phleanáil, a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.
4 Seirbhísí comhroinnte TFC a phleanáil, a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.
5 Seirbhísí comhroinnte dlí a phleanáil, a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.
6 Seirbhísí comhroinnte PCRS a phleanáil, a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.
7 Cumas CRM (Bainistíocht Caidrimh Chustaiméirí) a fhorbairt.

**Clár 9:**

**Straitéis acmhainní daonna agus é a sheachadadh.**

Díreoidh na tionscadail Acmhainní Daonna faoin gclár seo ar straitéis fostaíochta fadtéarmaí an FSS chun a chinntiú go bhfuil na daoine cearta fostaithe san áit cheart nuair atá gá leo.

Déanfar caighdeánú ar chúrsaí ar fud na heagraíochta idir dhaoine a earcú is dhaoine atá ag dul ar scor agus leagfar béim ar leith ar cheannaireacht, ar bhainistíocht agus ar dheiseanna chun scileanna a fhorbairt.

**Samplaí de thionscadail shuntasacha**

1 Straitéis chuimsitheach acmhainní daonna a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm a leagann amach go soiléir an moladh atá ag AD tacú le Fís, le Misean agus le Clár Athraithe an FSS
2 Sraith chuimsitheach polasaithe AD a fhorbairt a bheidh ag teacht le Tosaíochtaí Athraithe;
   - Earcaíocht, ionduchtú agus forbairt foirne
   - Straitéis fostaíochta bunaithe ar na cleachtais is fearr
   - Forbairt bainistíochta agus feidhmíochta
   - Polasaithe agus cleachtais IR
   - Téarmaí agus coinníollacha caighdeánacha a chur i bhfeidhm ar fud na heagraíochta
   - Straitéis pleanála fórsa oibre a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm bunaithe ar an gClár Athraithe
3 Córais chomhtháite AD a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm don FSS lena n-áirítear méadracht don eagraíocht e.g. tuairisciú Choibhéis Lánaimseartha (WTE)
4 Tionscadal Réitigh Ghnó
5 Straitéis a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun idirbhearta a bhíonn á dhéanamh ag AD a aistriú chuig na seirbhísí comhroinnte náisiúnta
6 Straitéisí agus cláir a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun feabhas a chur ar scileanna na foirne agus feabhas a chur ar an meascán foirne san FSS.

**Clár 10:**

**Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC).**

Mar chuid lárnach den chlár seo tá forbairt ar bhonneagar aontaithe náisiúnta agus seirbhísí tacaíochta TFC, maille le córais chliniciúla agus riaracháin. Is é a bheidh i gceist leis seo ná struchtúir rialachais TFC a chur ar bun, comhtháthú leis na seirbhísí comhroinnte, forbairt foirne i réimse TFC agus caidreamh a bheith ann le gairmithe a oibríonn san earnáil sláinte chun bonn maith a bheith faoin athrú TFC.

**Samplaí de thionscadail shuntasacha**

1 Bonneagar náisiúnta TFC
2 Córais straitéise chliniciúla agus riaracháin
3 Struchtúir agus modhanna maoinithe
4 Eagrúchán agus rialachas TFC
5 Comhtháthú le seirbhísí corparáideacha comhroinnte
6 Forbairt náisiúnta foirne TFC
7 Saineolaithe Sainábhair TFC a bheith ann ar Bhonn Náisiúnta - "an cleachtas is fearr".

**Clár 11:**

**Straitéis Áiseanna / Eastáit agus cur i bhfeidhm.**

Faoin gclár seo tá sé i gceist an úsáid is fearr agus is féidir a bhaint as maoin agus as áiseanna an FSS, costais a laghdú trí dhianrialú a chur i bhfeidhm agus a chinntiú go bhfuil an bonneagar cuí i bhfeidhm nuair is gá.

**Samplaí de thionscadail shuntasacha**

1 Straitéis áiseanna agus maoine FSS a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm
2 Plean caipitil don FSS a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm
3 Pleanáil agus forbairt ar bhonneagar PCCC
4 Pleanáil agus forbairt ar bhonneagar ospidéil
5 Forbairt agus pleanáil ar straitéis úsáide oifige don FSS
6 Straitéis don Chomhpháirtíocht Phríobháideach Phoiblí FSS a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm

**Clár 12:**

**An Bord, páirtithe leasmhara corparáideacha agus bainistiú caidrimh.**

Mar chuid den chlár seo beidh sraith tionscadal ann chun bainistiú a dhéanamh ar an gcaidreamh atá ag an FSS le raon eagraíochtaí ar leith a bhfuil leas le baint acu as cúram sláinte agus sóisialta agus ar féidir leo tacú leis an eagraíocht a misean agus a fís a bhaint amach.

**Samplaí de thionscadail shuntasacha**

1 Straitéis chuimsitheach chumarsáide don FSS a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm
2 Cur chuige eagraíochtúil i leith caidreamh leis na páirtithe leasmhara (Tomhaltóirí, An Bord, an fhoireann, an earnáil dheonach, DoH&C, HIQA, an earnáil reachtúil, an córas polaitiúil, cliniceoirí, srl) a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm
3 Creat oibre rialachais chorparáidigh don FSS a chur i bhfeidhm
4 Daingniú a dhéanamh ar chumas forbartha polasaí an FSS trí Ghrúpaí Saineolaithe a chur ar bun.

**Clár 13:**

**Soláthar.**

Díreofar sa chlár seo ar an luach is fearr a fháil ar chaiteachas an FSS ar sholáthar agus a chinntiú go ndéantar a phróisis a chuíchóiriú agus tacú go hiomlán leis an gClár Athraithe.

**Samplaí de thionscadail shuntasacha**

1 Straitéis náisiúnta soláthair a chur i bhfeidhm chun tacú leis an gclár athraithe
2 Portfolio náisiúnta agus cur chuige catagóire a chur i bhfeidhm maidir leis na seirbhísí sláinte
3 Straitéis a cheapadh chun idirbhearta soláthair a aistriú chuig na seirbhísí comhroinnte náisiúnta
4 Próisis ar ardchaighdeán a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm do gach céim den timthriall soláthair
5 Forbairt foirne i réimse soláthair náisiúnta
6 Caighdeáin soláthair eiticiúla a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.

# 07 An Fhoireann a Stiúradh agus a Spreagadh sa Chlár Athraithe seo ag an FSS


Seo deis ar leith caidreamh díreach a bheith agat le do chomhghleacaithe agus feidhm a bhaint as fuinneamh na foirne agat agus an méid a dhéanann siad ar son na heagraíochta chun cur leis an gClár Athraithe seo.

**Mar Cheannaire/Bhainisteoir**

- Tarlóidh an t-athrú seo ar na seirbhísí sláinte má dhéanann gach duine a d(h)ícheall comhoibriú chun é a bhaint amach
- Seans go mbeidh drogall ar dhaoine áirithe a ndícheall a dhéanamh mura bhfuil tuiscint acu ar a bhfuil ag titim amach
- Is cuid lárnach den ról ceannaireachta agatsa é léargas a sholáthar ar an scéal agus ceangail a aithint idir na nithe éagsúla atá ag titim amach
- Tá sé mar fhreagracht ar an mbainisteoir agus ar an gceannaire foirne cumarsáid a dhéanamh leis an bhfoireann
- Cuirfear tús le próiseas cumarsáide i mí na Nollag 2006 agus cuimseoidh an próiseas seo gach leibhéal foirne
- Ní mór do gach seisiún cumarsáide iarracht a dhéanamh a bheith ag teacht leis an **"mBealach ina Oibrímid"** (lch19)
- Tá do ról mar cheannaire ríthábhachtach sa phróiseas seo mar go mbeidh tusa i bhfeighil chur i ngníomh céimneach an Chlár Athraithe ach na nithe seo a leanas a dhéanamh:
    - Dul i gcomhairle le do Bhainisteoir agus le do chomhghleacaithe féin faoin méid a bheadh i gceist leis an gClár le haghaidh bhur seirbhísí
    - Beartú ar am ar leith a chur ar leataobh le gur féidir leat féin agus le d'fhoireann plé a dhéanamh ar Fhís, ar Mhisean agus ar Chlár Athraithe an FSS
    - Plé a bheith ann leis an bhfoireann faoin ngaol idir na Tosaíochtaí Athraithe agus na nithe ar ghá dóibh féin tabhairt fúthu
    - Beartú ar na nithe ar ghá duitse agus do d'fhoireann dul ina mbun chun go dtarlódh na hathruithe seo
    - Aiseolas a sholáthar do do bhainisteoir féin.

**Mar bhall foirne**

- A bheith oscailte do gach dearcadh
- Páirt a ghlacadh sa Chlár Athraithe
- Aiseolas a chur ar fáil
- Do ról féin a chomhlíonadh, maille leis an bpáirt a ghlacfá sa phróiseas, ag teacht le Fís, le Misean agus le Clár Athraithe an FSS, sa chaoi is go mbeidh tú bródúil as a bhfuil bainte amach agat
- Plé a bheith ann le do Bhainisteoir agus le do chomhghlecaithe féin ar a bhfuil i gceist leis seo don tseirbhís ina bhfuil tusa ag obair
- A chinntiú go bhfeidhmímid uile de réir na sprice atá againn go mbeadh ár gcuid oibre ag teacht leis an **"mBealach ina nOibrímid"** (lch19).





# DÉANAIMID ÁR NDÍCHEALL A CHINNTIÚ GUR FÉIDIR LE DAOINE ROCHTAIN ÉASCA A FHÁIL AR ÁR SEIRBHÍSÍ

# 08 An Bealach ina nOibrímid

Chun go mbeidh rath ar an gclár ní mór dár ngníomhartha agus ár ndearcadh a bheith ag teacht lenár luachanna. Seo a leanas roinnt prionsabal a chuideoidh linn é seo a bhaint amach agus tacú linn ár gcuspóir agus ár n-uaillmhian don todhchaí a dhaingniú ar bhonn leanúnach.

**Tacú lenár gcuspóir agus lenár n-uaillmhian**

- An aidhm atá againn i gcónaí ná seirbhísí ar ardchaighdeán a sholáthar a bhfuil sé éasca rochtain a fháil orthu
- Féachaimid i gcónaí le simpliú a dhéanamh ar an gcaoi a gcuirimid ár seirbhísí ar fáil
- Déanaimid cinntí ar mhaithe leis an tseirbhís is fearr agus is féidir a sholáthar
- Bainimid an úsáid is fearr agus is féidir as gach áis agus gach acmhainn ach tabhairt faoin réamhphleanáil
- Táimid freagrach i leith ár ngníomhartha agus comhlíonaimid ár bhfreagrachtaí
- Cuirimid spriocanna dúshlánacha romhainn agus déanaimid beart de réir ár mbriathar
- Nuair is gá, déanaimid an blúirín breise sin
- Éistimid leo siúd ar a bhfreastalaímid.

**Ag obair as lámha a chéile**

- Bíonn meas i gcónaí againn ar scileanna agus ar chumais dhaoine eile
- Bainimid úsáid as aiseolas chun go spreagfaimis a chéile
- Féachaimid le réitigh a aimsiú, seachas leithscéalta
- Roinnimid acmhainní agus tacaímid lena chéile
- Is spéis linn forbairt na ndaoine a bhfuilimid ag obair leo
- Táimid solúbtha inár gcur chuige agus táimid cúirtéiseach
- Ní shéanaimid na freagrachtaí atá orainn; “Is ormsa atá an fhreagracht – tá daoine eile ag brath orm”
- Tá sé mar aidhm againn a bheith nuálaíoch agus dea-shampla a thabhairt.

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
Health Service Executive

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, Oak House, Ascaill na gCrann Teile, Páirc na Mílaoise,
Nás na Ríogh, Co. Chill Dara
R-phost: vision@hse.ie Guthán: 045-880400 / 01-6352500

www.hse.ie

ISBN 0948562684 ©2006 HSE